Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8786/25**
**ADD 1**

**ENT 65**
**MI 295**
**COMPET 351**
**IND 137**
**SAN 206**
**ENV 318**
**INDEF 18**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | […](2025) XXX draft - D 102503/3 ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le<br>Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile i gcúir comhraic dóiteáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2025) XXX draft - D 102503/3 ANNEX.

---

Faoi iamh: […](2025) XXX draft - D 102503/3 ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D102503/03
[…](2025) XXX draft

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile i gcúir comhraic dóiteáin**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006*:*

| | |
|---|---|
| ‘...[***Oifig na bhFoilseachán, cuirtear isteach an chéad uimhir leantach eile***]. Substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna) atá sainmhínithe mar seo a leanas: aon substaint ina bhfuil adamh carbóin amháin ar a laghad de mheitil lánfhluairínithe ($CF_3$) nó meitiléin ($CF_2$) (gan aon adamh carbóin H/Cl/Br/I ceangailte leis). | 1. Ón [***Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***] ar aghaidh, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, ná a úsáid, i gcúir comhraic dóiteáin i dtiúchan atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin i gcás shuim na PFASanna uile.<br><br>2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:<br><br>(a) aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (ASFOS), a shalainn agus a chomhdhúile ASSF-ghaolmhara $C_8F_{17}SO_3X$, aigéad sárfhluarochtánóch (ASFO), a shalainn agus a chomhdhúile ASFO-ghaolmhara, agus aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (SFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile SFHxS-ghaolmhara, a chumhdaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021;<br><br>(b) aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile líneacha agus bhrainseacha den fhoirmle $C_nF_{2n+1}$-C(= O)OH i gcás inarb é atá in ‘n’ 8, 9, 10, 11, 12, nó 13 (ACSFanna C9-C14) lena n-áirítear a salainn, agus aon teaglaim díobh sin, atá srianta faoi iontráil 68;<br><br>(c) aigéad aondeacafluaraiheacsánóch (SFHxA), a shalainn agus substaintí SFHxA-ghaolmhara, le haghaidh úsáidí atá srianta faoi iontráil 79.<br><br>3. Agus tiúchan shuim na PFASanna uile á chinneadh, áireofar sa chinneadh na substaintí a bhfuil feidhm ag an maolú i mír 2 maidir leo.<br><br>4. De mhaolú ar mhír 1, maidir le tiúchan PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin atá saor ó fhluairín agus a eascraíonn as an trealamh a ndearnadh glanadh air i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, cé is moite de mhúchtóirí dóiteáin iniompartha, ní rachaidh an tiúchan sin thar 50 mg/L le haghaidh shuim na PFASanna uile.<br><br>Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an maolú sin tráth nach déanaí ná... [[***Oifig na*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]**.<br><br>5. De mhaolú ar mhír 1, féadfar PFASanna a chur ar an margadh i dtiúchan atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin le haghaidh shuim na PFASanna uile:<br><br>(a) go dtí an... ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** i gcúir comhraic dóiteáin i múchtóirí dóiteáin iniompartha;<br><br>(b) go dtí an... ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** i gcúir comhraic dóiteáin atá frithsheasmhach in aghaidh alcóil i múchtóirí dóiteáin iniompartha;<br><br>(c) go dtí an... ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** i gcúir comhraic dóiteáin le haghaidh:<br>(i) bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE. Ní chumhdófar eitlíocht shibhialta (lena n-áirítear in aerfoirt shibhialta) leis an maolú seo;<br>(ii) suiteálacha a bhaineann leis an tionscal ola agus gáis amach ón gcósta;<br>(iii) soithí míleata;<br>(iv) longa sibhialta ag a bhfuil cúir comhraic dóiteáin curtha ar bord roimh...***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***.<br><br>6. De mhaolú ar mhír 1, féadfar PFASanna a úsáid i gcúir comhraic dóiteáin i dtiúchan atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin le haghaidh shuim na PFASanna uile:<br><br>(a) go dtí an ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** le haghaidh:<br>(i) oiliúint agus tástáil a dhéanamh, seachas tástáil fheidhmiúil ar na córais comhraic dóiteáin ar choinníoll go bhfuil gach scaoileadh faoi smacht;<br>(ii) seirbhísí dóiteáin poiblí agus seirbhísí dóiteáin príobháideacha a fheidhmíonn mar sheirbhísí dóiteáin poiblí, seachas i gcás ina |

| | |
|---|---|
| | ndéanann na seirbhísí sin idirghabháil ag tinte tionsclaíocha ag bunaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE agus úsáid na gcúr agus an trealaimh chun na críche sin amháin.<br><br>(b) go dtí an 31 Nollaig 2030 i múchtóirí dóiteáin iniompartha;<br><br>(c) go dtí an... ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** le haghaidh na gcásanna dá dtagraítear i mír 5, pointe (c).<br><br>Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na maoluithe faoi phointe (c) roimh dheireadh thréimhse bhailíochta an mhaolaithe sin.<br><br>7. Ón ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta [12] mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** ar aghaidh, beidh úsáid PFASanna i gcúir comhraic dóiteáin i dtiúchan atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin le haghaidh shuim na PFASanna uile de bhun mhír 1 agus mhír 6, pointe (c), faoi réir choinníollacha na míre seo. Déanfaidh an t-úsáideoir an méid seo a leanas:<br><br>(a) a áirithiú nach n-úsáidtear cúir comhraic dóiteáin ach amháin le haghaidh tinte lena mbaineann leachtanna inadhainte (dóiteáin d'aicme B);<br><br>(b) astaíochtaí isteach sna hurranna comhshaoil agus nochtadh díreach agus indíreach an duine do chúir comhraic dóiteáin a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir go teicniúil agus go praiticiúil;<br><br>(c) a áirithiú go ndéanfar stoc cúr comhraic dóiteáin nach n-úsáidtear agus dramhaíl ina bhfuil PFASanna a bhailiú ar leithligh, lena n-áirítear fuíolluisce, a eascraíonn as cúir comhraic dóiteáin a úsáid, i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go praiticiúil, agus a áirithiú go láimhseálfar iad le haghaidh cóireáil leordhóthanach ar bhealach ina scriosfar an cion PFASanna nó go ndéanfar é a chlaochlú ar bhealach do-aisiompaithe; |

| | |
|---|---|
| | (d) 'plean bainistíochta cúr comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna' a bhunú a bhaineann go sonrach leis an áit ina n-úsáidfear na cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna, plean ina mbeidh an méid seo a leanas:<br>(i) mionsonraí maidir le coinníollacha úsáide agus toirteanna cúr comhraic dóiteáin ar an láthair, lena ndéantar doiciméadú ar an gcaoi a gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b);<br>(ii) faisnéis maidir leis an mbailiú agus cóireáil leordhóthanach de bhun phointe (c);<br>(iii) mionsonraí maidir le cineál agus modhanna glantacháin agus cothabhála trealaimh;<br>(iv) pleananna atá le cur chun feidhme i gcás sceitheadh/doirteadh timpisteach cúir comhraic dóiteáin lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, doiciméadú na ngníomhaíochtaí leantacha;<br>(v) straitéis chun cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna a ionadú le cúir comhraic dóiteáin atá saor ó fhluairín.<br><br>Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bplean bainistíochta agus coinneofar ar fáil é ar feadh 15 bliana ar a laghad lena iniúchadh, arna iarraidh sin, ag údaráis inniúla.<br><br>8. Ón ***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta - 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** ar aghaidh, cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil an tiúchan cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin le haghaidh shuim na PFASanna uile agus a chuirtear ar an margadh, seachas múchtóirí dóiteáin iniompartha, déanfar na cúir sin a lipéadú i gcomhréir le mír 10. Mura bhforálann an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt, scríobhfar an lipéad i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina gcuirtear an cúr comhraic dóiteáin ar an margadh.<br><br>9. Ón …[***Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta — 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], ar aghaidh áiritheoidh úsáideoirí cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFASanna go ndéanfar an stoc de chúir comhraic dóiteáin nach n-úsáidtear agus de |

| | |
|---|---|
| | dhramhaíl ina bhfuil PFASanna, lena n-áirítear fuíolluisce, a thagann ó úsáid cúr comhraic dóiteáin, a lipéadú i gcomhréir le mír 10 i gcás ina bhfuil tiúchan shuim na PFASanna uile comhraic dóiteáin atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin. Mura bhforálann an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt, scríobhfar an lipéad i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina gcruthaítear an stoc cúr comhraic dóiteáin nach n-úsáidtear agus dramhaíl ina bhfuil PFASanna, lena n-áirítear fuíolluisce, a eascraíonn as úsáid cúr comhraic dóiteáin agus ina ndéanfar é a chóireáil.<br><br>10. Chun críoch mhír 8 agus mhír 9, beidh an fhoclaíocht seo a leanas ar an lipéadú: *FOLÁIREAMH: Tá substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna) ann ina bhfuil tiúchan atá cothrom le 1 mg/L nó níos mó ná sin le haghaidh shuim na PFASanna uile'*. Déanfar an fhaisnéis sin a mharcáil go feiceálach, go soléite agus go doscriosta.<br><br>11. Chun críoch na hiontrála seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:<br>(a) ciallaíonn 'múchtóir dóiteáin iniompartha' múchtóir dóiteáin atá deartha lena iompar agus lena oibriú de láimh agus nach mó a mhais in ord oibre ná 20 kg, i gcomhréir le caighdeán EN3-7; múchtóir soghluaiste nach mó ná 150 lítear, i gcomhréir le caighdeán EN-1866; agus múchtóir canna sprae i gcomhréir le caighdeán EN-16856;<br>(b) 'ciallaíonn 'cúr comhraic dóiteáin' aon mheascán a úsáidtear chun dóiteáin a chomhrac le cúr agus cuirtear san áireamh leis tiúchain cúir comhraic dóiteáin agus tuaslagáin cúir comhraic dóiteáin chun an cúr a dhéanamh, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin';<br>(c) ciallaíonn 'stoc cúir comhraic dóiteáin nach n-úsáidtear' cúr comhraic dóiteáin nár úsáideadh go fóill chun dóiteáin a chomhrac.' |